



## Central Statistics Office An Phríomh-Oifig Staidrimh

### Press Statement Preas Ráiteas

#### Daonáireamh 2006 — Príomhthorthaí Déimeagrafacha

##### Is náisiúnaigh neamh-Éireannacha iad 10% den daonra

De réir tuairisce atá eisithe inniu ag an bPríomh-Oifig Staidrimh is náisiúnaigh neamh-Éireannacha iad 10% de na daoine a bhfuil gnáthchónaí orthu sa Stát.

Tá an t-eolas seo ar fáil sa cháipéis *Daonáireamh 2006 - Príomhthorthaí Déimeagrafacha* a thugann na torthaí deireanacha ón Daonáireamh a tógadh ar an 23 Aibreán 2006. Tugann an tuairisc seo briseadh síos ar an daonra de réir na dteideal seo a leanas: aois, gnéas, stádas pósta, déanamh suas an teaghlaigh, gnátháit chónaithe, náisiúntacht, áit chónaithe, cúlra eitneach nó cultúr chomh maith le heolas a bhaineann leis an nGaeilge, le creideamh agus le tithíocht.

Chuir beagnach 420,000 (10%) daoine a raibh gnáthchónaí orthu sa Stát i mí an Aibreáin 2006 in iúl go bhfuil náisiúntacht neamh-Éireannach acu. 224,000 (5.8%) daoine a dúirt é sin sa bhliain 2002.

##### An daonra ag fáil níos sine

Tá líon na ndaoine atá 65 bliana d'aois agus níos sine méadaithe ag gach daonáireamh ó 1961 ó 315,000 sa bhliain sin go dtí 468,000 sa bhliain 2006. Is ionann an grúpa seo anois agus 11% den daonra iomlán.

Tá daonra an Stáit faighte leath bhliain níos sine ón mbliain 2002 rud a fhágann meán-aois de 35.6 bliana ag na daoine i 2006 i gcomparáid le 35.1 ceithre bliana roimhe.

Bhí an daonra b'óige i bhFine Gall, Átha Cliath, le meán-aois de 32.2 bliana sa bhliain 2006 agus i gCill Dara bhí meán-aois de 32.8 bliana.

I Ros Comáin, le meán-aois de 38.3 bliana sa bhliain 2006, a bhí an daonra ba shine sa Stát agus ina dhiaidh sin a bhí Liatroim (38.1 bliana).

##### An colscaradh ag méadú

Léiríonn *Daonáireamh 2006 - Príomhthorthaí Déimeagrafacha* freisin go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine atá colscartha faoi 70%, ó 35,000 go 59,500, idir 2002 agus 2006, rud a tharla don chuid is mó mar gheall ar an gcolscaradh a bheith glactha i ndlí an Stáit sa bhliain 1997. Mhéadaigh céatadán na ndaoine a bhí pósta ag am amháin agus a bhí scartha nó colscartha ó 7.5% sa bhliain 2002 go 8.7% sa bhliain 2006.

##### Níos lú leanaí ag mná

Saolaíodh ar an meán 350 leanaí do gach 100 bean san aoisghrúpa 65-69 bliana ag am an daonáirimh thar a saol i gcomparáid le 220 leanaí do mhná san aoisghrúpa 40-44 bliana. Mar sin, taobh istigh de ghlúin amháin tá laghdú de 1.3 (ó 3.5 go 2.2) taghta ar meán-líon na leanaí a saolaíodh do gach bean.

Tuilleadh /...

Information Section  
Central Statistics Office, Skehard Road, Cork

Tel 021 453 5000 Fax 021 453 5555  
01 498 4000 Website <http://www.cso.ie>  
LoCall 1890 313 414 Email [info@cso.ie](mailto:info@cso.ie)

Roinn Eolas  
An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

Teil 021 453 5000 Faics 021 453 5555  
01 498 4000 An Domhan <http://www.cso.ie>  
GlaoÁitúil 1890 313 414 Ríomhphost [info@cso.ie](mailto:info@cso.ie)

## Teaghlaigh níos lú

Taispeánann an tuairisc gur tháinig méadú de 42.4% ar líon na dteaghlach sa Stát sa fiche bliain atá caite. Bhí tionchar an-mhór ag an titim sa torthúlacht ar mhéid na dteaghlach agus dá bharr tá titim ar mheán-líon na leanaí i ngach teaghlach ó 2.2 sa bhliain 1986 go dtí 1.4 sa bhliain 2006.

Lánúin in aontíos a bhí in 11.6% de na haonaid teaghlaigh ar fad sa bhliain 2006 i gcomparáid le 8.4% ceithre bliana roimhe sin. Bhí beagnach dhá thrían de na lánúin seo gan aon chlann.

## 22,400 de Lucht Taistil na hÉireann áirithe sa Daonáireamh

De réir ceiste nua a bhain le cúlra eitneach nó cultúr a bhí mar chuid de Dhaonáireamh 2006 don chéad uair bhí 22,435 baill de Lucht Taistil na hÉireann curtha san áireamh sa daonáireamh ba dheireanaí – síos ó 23,681 sa bhliain 2002. In aineoinn móriomlán an lucht taistil a cuireadh san áireamh sa bhliain 2006 a bheith níos lú mhéadaigh líon an lucht taistil a raibh cónaí orthu i lóistín buan faoi 1,750 (13%) ó 2002 agus thit an líon a bhí ina gcónaí in aonaid sealadacha tithíochta faoi 2,295 (29.5%) sa tréimhse chéanna.

## Laghdú beag i gcéatadán na gcainteoirí Gaeilge

Bunaithe ar thorthaí an daonáirimh, dúirt níos mó daoine sa bhliain 2006 go raibh Gaeilge acu (1.66 milliún) i gcomparáid le 2002 (1.57 milliún). Ach, ó thaobh céatadáin bhí laghdú beag ann ó 42.8% sa bhliain 2002 go 41.9% sa bhliain 2006.

Thit céatadán na nGaeilgeoirí i ngach ceantar Gaeltachta ach amháin i gCo na Mí agus i gCo Phort Láirge – an dá Ghaeltacht is lú.

## An tIoslamachas an tríú chreideamh is mó

Bhí an tIoslamachas ar an tríú chreideamh ba mhó (i ndiaidh Caitlicigh Rómánacha agus Eaglais na hÉireann) sa bhliain 2006 – suas 13,400 ó 2002 go díreach ós cionn 32,500. Cé gurb é an Caitliceachas Rómánach an creideamh ba mhó le 3.68 milliún daoine thit a sciar ó 88.4% sa bhliain 2002 go 86.8% sa bhliain 2006.

## Níos mó árasán

Mhéadaigh líon na n-árasán le daoine ina gcónaí iontú ó 110,500 aonaid sa bhliain 2002 go 148,600 i 2006. Is ionann an earnáil seo anois agus 15% de na haonaid tithíochta atá suite i gceantair uirbeacha.

1.77 milliún aonaid tithíochta a bhí ann i mí an Aibreáin 2006. Bhí tuairim agus 266,000 (15%) de na háiteanna cónaithe seo folamh ag am an daonáirimh, agus i 30,000 cás eile bhí an teaghlach iomlán curtha san áireamh in áit eile nó as láthair ón Stát ag am an daonáirimh.

## Le cóipeanna den fhoilseachán a fháil déan teagmháil le :

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Rannóg an Eolais, Bóthar na Sceithe Airde, Corcaigh - 021 453 5011

nó

Oifig Díolta Foilseacháin Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2.

Praghas: €15 [Is féidir cóipeanna a íoslódáil ó shuíomh idirlín na POS (féach thíos)].

## Le tuilleadh eolais a fháil déan teagmháil le:

Aidan Punch ag 01-498 4316 nó Deirdre Cullen ag 01-895 1334.

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Campas Gnó Sord, Bóthar Balheary, Sord, Co. Átha Cliath.

Fiosrúcháin an Daonáirimh	(01) 895 1460/61/63/66
Facs:	(01) 895 1399
R-phost:	census@cso.ie
Idirlíon:	<a href="http://www.cso.ie">http://www.cso.ie</a>